

JACK MUIMHNEACH

Fear a bhí ann a tháinig isteach san tír seo fadó. Muimhneach a bhí ann. Jack Muimhneach a thugadh siad air. Bhí sé ar a theitheadh, na peelers sa tóir air. Frítheadh i ngreim é ag triúr aca. Bhí an triúr dhá thabhairt chun an bhearraic go ndeanadh siad príosúnach dhó. Bhí siad ag imtheacht le sgonnsa. Dubhairt sé leobh a sgaoileadh go dtarraingeadh sé uisge agus sgaoil. Bhual sé buille le haon láimh ar bheirt aca agus leag sé iad. Níor bhac an tríomhadh fear leis. Nuair nár bhac léim sé thar an sgonnsa agus rith sé agus tháinig sé go dtí an tír seo. Níor chuala mé gur rugthas ariamh ina dhiaidh sin air. Chonnaic m'athair é. Dubhairt sé nach raibh teach i Roisín na mBanaoidheach fadó nach raibh Jack Muimhneach indon teacht sa de rite reaite agus a dhul do léim thar a mhullach. Bhí siad a rádh go raibh sgiathán ar a chroidhe. Bhí sé ina fhear chomh maith, fear breagh a bhí ann.

14/10/34.